# Forógra Lorenzo Cheasty

Dia dhaoibh! Is mise Lorenzo Cheasty, agus táimse ag rith le bheith **i mo chéad Uachtarán eile i d'AML-sa.**

Is mac léinn Dlí agus Staire ó Chill Chainnigh i mo bhliain dheireanach mé. Bhí mé i m'Oifigeach na gCeart Tithíochta in AMLCT ar feadh dhá théarma, táim i m'ambasadóir TAP, agus is urlabhraí díograiseach ar son leas na mac léinn mé.

Is mian liom obair i dtreo aontais Aontaithe - Aontas a thugann tús áite don chuntasacht dhaonlathach agus réiteach cothrom achrainn, agus a chuireann soláthairtí nithiúla leas na mac léinn chun cinn le cinntiú go bhfuil an Coláiste ar acmhainn gach duine.

Mar OCT, throid mé go leanúnach le cearta agus soláthar lóistín a chosaint do neart mac léinn ar feadh mo thréimhse. Bhunaigh mé an Scéim Aistriú Léasa de chuid AMLCT ag cinntiú lóistín sheasmhaigh do mhic léinn Erasmus agus mhalartaithe agus chuidigh mé eagrúchán mhórán fheachtais an Aontais, ó reo cíosa leanúnach go dtí caomhnú na dtaifead léachtaí i Scoil an Dlí.

D'oibrigh mé go forleathan le grúpaí sochaí sibhialta le cearta tithíochta a chur chun cinn, agus ba bhreá liom mo scileanna agus mo thaithí a úsáid le hAontas Aontaithe a thógaint a chuireann soláthar leasa i lár an aonaigh.

## Tithíocht

- Tabhairt isteach comhairthithíochta agus lóistín fhóirdheonaithe do mhic léinn na Tríonóide a mholadh.
- Troid ar son reo cíosa leanúnaigh agus tacaíochtaí éigeandála lóistín agus íslithe cíosa breise ar an gcampas a mholadh.
- Ár gcaidrimh le hAMLanna eile a athnuachan, ag déanamh poiblíochta ar chearta ⁊ tacaíochtaí ar fud na n-ollscoileanna.
- Suíomh an tSeirbhís Chomhairleoireachta Lóistín a athchóiriú agus poiblíocht a dhéanamh air.

## Leas na Mac Léinn

- Ciste Leas Ginmhillte agus Frithghiniúna a bhunú.
- Brú a chur ar Shláinte an Choláiste seirbhísí ginmhillte a sholáthar do mhic léinn.
- Obair i dtreo ollmhargaidh shóisialta i seilbh na mac léinn a fhreastalaíonn ar riachtanais na mac léinn a bhunú.
- Pleanáil do Chaifé AML i San Séamas.
- Maoiniú don Chiste Aistrithe a mhéadú.
- Brú a chur ar Shláinte an Choláiste tástálacha fola a sholáthar.
- Brú a chur ar an gColáiste seirbhísí níocháin a athchóiriú agus praghasanna a ísliú.
- Grúpa Comhairleoireachta na hEitneachta Mionlaigh agus Goirme a athbheochan agus é a chur chun cinn.
- Brú a chur ar Shláinte an Choláiste maoiniú do sheirbhísí meabhairshláinte agus fiaclóireachta a mhéadú.
- An Mheitheal um an Ionsaí Gnéis a bhunú.
- Fáil réidh leis an riachtanas córas síniú-amach a úsáid do mhic léinn na nEolaíochtaí Sláinte agus na hOibre Sóisialta.

## BDS

- Cinntiú go gcloífidh an Coláiste go hiomlán le moltaí an Tascfhórsa BDS agus deiseanna dífheistithe eile a fhiosrú.

## Gaeilge

- Obair le hOifigeach na Gaeilge le bunachar na gcomharthaí ar an gcampas a bhfuil droch-Ghaeilge orthu nó atá gan Ghaeilge a bhunú and cinntiú go gcloífidh an Coláiste lena fhreagracht dhithiúil seirbhísí Gaeilge a sholáthar.
- Obair le hOifigeach na Gaeilge agus AMLÉ leis an nGael-Ollscolaíocht a thabhairt isteach ar fud an Choláiste.

## Míchumas

- Scríobh Thuairisc Iniúchadh LENS a chuidiú agus stoacaireacht a dhéanamh ar an gColáiste ar son leasú LENS.
- Athchóirithe inrochtaineachta Theach 6 a chur chun cinn.

## Spásanna Mac Léinn

- Spásanna mac léinn reatha a iniúchadh agus dul chun cinn a dhéanamh ar Lar-Ionad na Mac Léinn.
- Obair i dtreo córas áirithinte do sheomraí folmha ar fud an champais a chur i bhfeidhm.
- Cinntiú go bhfuil stáisiúin líonta uisce ar fáil do chách agus líon na stáisiún Keep Cup a mhéadú.

## Rannpháirtíocht agus Comhtháthú na nIarchéimithe

- Ullmhú do thabhairt isteach an Oifigigh Shabóigh Chéimithe, ar nós Fóram na nIarchéimithe a bhunú agus rannpháirtíocht a athchothú.

## Leasú an Aontais

- Cód Iompair d'Oifigigh an Aontais a thabhairt isteach agus Coiste Eitice a bhunú san Aontas.
- Struchtúr laistigh den Aontas a bhunú le bainistiú inmheánach gearán agus idirghabháil.
- Cultúr na nósanna daonlathacha agus na cuntasachta a athbhunú, agus tacaíochtaí leasa nua a thabhairt isteach d'Oifigigh an Aontais.